Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 28 Samhain 2024
(OR. en)

16343/24

LIMITE

JAI 1782

PUBLIC

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | An Chomhairle |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 15932/24, 16319/24 |
| Ábhar: | Treoirlínte straitéiseacha don phleanáil reachtach agus oibríochtúil sa limistéar saoirse, slándála agus ceartais<br>- Formheas |

1. An 27 Samhain 2024, tháinig Coiste na mBuanionadaithe ar chomhaontú maidir leis na dréacht-treoirlínte straitéiseacha don phleanáil reachtach agus oibríochtúil sa limistéar saoirse, slándála agus ceartais, mar a leagtar amach san Iarscríbhinn iad.

2. Iarrtar ar an gComhairle Ceartais agus Gnóthaí Baile an 12 Nollaig 2024 na treoirlínte straitéiseacha seo a fhormheas.

**IARSCRÍBHINN**

## DRÉACHT-TREOIRLÍNTE STRAITÉISEACHA

***don phleanáil reachtach agus oibríochtúil sa limistéar saoirse, slándála agus ceartais***

Is ionstraim thábhachtach iad na treoirlínte straitéiseacha dá bhforáiltear sa Chonradh chun treo bheartas an Aontais sa limistéar saoirse, slándála agus ceartais a mhúnlú.

Leis an gClár Oibre Straitéiseach nua, tugtar treoir agus iarrtar ar institiúidí an Aontais na tosaíochtaí sin a chur i ngníomh le linn an chéad timthrialla reachtaigh eile, agus cothromaíocht institiúideach na gcumhachtaí a leagtar amach sna Conarthaí mar aon le prionsabail na tabhartha, na coimhdeachta agus na comhréireachta á n-urramú.

Mar a chumhdaítear in Airteagal 2 CAE, tá an tAontas Eorpach fothaithe ar luachanna an mheasa ar dhínit an duine, ar an tsaoirse, ar an daonlathas, ar an gcomhionannas, ar an smacht reachta agus an mheasa ar chearta an duine, lena n-áirítear na cearta atá ag daoine ar de ghrúpaí mionlaigh iad. Leanfaidh urraim don smacht reachta agus do chearta bunúsacha, mar a chumhdaítear sa Chairt um Chearta Bunúsacha, agus do luachanna daonlathacha mar aon le comhlíonadh dhlí-eolaíocht na Cúirte Breithiúnais de bheith ina chroíphrionsabal d’fheidhmiú an limistéir saoirse, slándála agus ceartais.

Is éard atá san Aontas limistéar saoirse, slándála agus ceartais ina n-urramaítear cearta bunúsacha agus córais agus traidisiúin éagsúla dlí na mBallstát. Is éard atá i gceist leis an limistéar sin easpa rialuithe ag teorainneacha inmheánacha chomh maith le comhbheartas maidir le tearmann, inimirce agus rialú ag teorainneacha seachtracha, bunaithe ar phrionsabal na dlúthpháirtíochta agus na comhroinnte córa freagrachta, lena n-áirítear na himpleachtaí airgeadais a bhaineann leis, idir na Ballstáit. Féachann sé le hardleibhéal slándála a áirithiú trí bhearta chun an choireacht thromchúiseach agus eagraithe, an ciníochas agus an tseineafóibe, chomh maith leis an sceimhlitheoireacht, an radacú agus an t-antoisceachas foréigneach a chosc agus a chomhrac, lena n-áirítear forfheidhmiú trasteorann an dlí agus an comhar breithiúnach a neartú, gan difear a dhéanamh d’fheidhmiú na bhfreagrachtaí atá ar na Ballstáit maidir leis an ord poiblí a chaomhnú agus go háirithe urraim a thabhairt don fhreagracht atá orthu an tslándáil inmheánach a chosaint.

PUBLIC

I bhfianaise an mhéid sin, beidh na treoirlínte straitéiseacha seo a leanas don phleanáil reachtach agus oibríochtúil mar threoir don obair sa limistéar saoirse, slándála agus ceartais do na blianta amach romhainn:

1. Le linn an reachtais le déanaí, rinneadh roinnt mhaith oibre chun beartais a fhorbairt lena n-áirithítear feidhmiú an limistéir saoirse, slándála agus ceartais. Ba cheart iarrachtaí a dhíriú go príomha anois ar chur chun feidhme comhleanúnach agus éifeachtach na reachtaíochta agus na mbeart beartais a glacadh agus atá i bhfeidhm cheana féin, le comhar iomlán ó na geallsealbhóirí ábhartha uile, agus ardleibhéal iontaoibhe frithpháirtí á chaomhnú. Ag an am céanna, beidh fís réamhbhreathnaitheach ag an Aontas i gcónaí chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin leanúnacha agus ar dhúshláin a bheidh ann amach anseo, lena n-áiritheofar ullmhacht agus inoiriúnaitheacht an Aontais do fírinní loma an tsaoil sa lá atá inniu ann agus amach anseo: tírdhreach geopholaitiúil, slándála, imirce, teicneolaíoch agus eacnamaíoch atá ag athrú go tapa.

2. Beidh sé ríthábhachtach a áirithiú go mbeidh cistí an Aontais mar bhonn taca le cur chun feidhme, uaillmhianta amach anseo agus oibleagáidí méadaithe na mBallstát. Mar a léirítear i gClár Oibre Straitéiseach 2024-2029 agus gan teacht roimh chaibidlíocht a dhéanfar amach anseo, ní mór na tosaíochtaí sin a bheith greanta sa chéad Chreat Airgeadais Ilbhliantúil eile den Aontas, chun a áirithiú go mbeidh buiséad an Aontais oiriúnach don todhchaí agus go dtabharfar freagairtí Eorpacha ar dhúshláin Eorpacha.

3. Ní mór béim a leagan ar an tábhacht a bhaineann le saorghluaiseacht daoine, ós rud é go bhfuil sí ar cheann de na ceithre shaoirse. Is ábhar leasa choitinn é limistéar Schengen dea-fheidhmiúil, faoina mbeidh gach gníomhaíocht dírithe ar shaoirse agus slándáil ár gcuid saoránach. Áiritheoidh an tAontas go mbeidh ardleibhéal slándála ann, go háirithe trí rialuithe ar theorainneacha seachtracha, ach freisin trí chomhar idir údaráis na mBallstát atá freagrach as slándáil agus imirce. Ní mór a mheabhrú an tábhacht a bhaineann le feidhmiú cuí limistéar Schengen, i gcomhréir le Cód Teorainneacha Schengen athbhreithnithe. Is beart sealadach é rialuithe ag teorainneacha inmheánacha a thabhairt isteach arís, beart nach ndéanfar ach sa chás nach bhfuil aon rogha eile, nuair is gá agus atá comhréireach leis an mbagairt a sainaithníodh, agus tugann sé deis do na Ballstáit an tslándáil inmheánach a chosaint, i gcomhréir le *acquis* Schengen.

4. Chun feidhmiú éifeachtach agus éifeachtúil an limistéir gan rialú ag teorainneacha inmheánacha a áirithiú, chomh maith lena aontacht agus a chomhleanúnachas mar ghné bhunriachtanach den limistéar saoirse, slándála agus ceartais, ba cheart don Chomhairle leanúint de rialachas limistéar Schengen mar aon le forbairt agus cur chun feidhme a chreata rialála a neartú, i ndlúthchomhar leis na hinstitiúidí eile agus leis na gníomhaireachtaí ábhartha, agus na Prótacail Ceartais agus Gnóthaí Baile agus ról Chomhairle Schengen á gcur san áireamh go hiomlán, agus seasamh sonrach na dTíortha sin atá Comhlachaithe le Schengen á chur san áireamh. Ina theannta sin, is gá díriú ar phlé níos straitéisí, lena n-áirítear obair leantach oibríochtúil ar na heasnaimh a sainaithníodh.

5. Tá Bainistiú Comhtháite Teorainneacha san Eoraip ríthábhachtach chun limistéar Schengen lánfheidhmiúil a áirithiú, trí shrian a chur le trasnuithe neamhdhleathacha teorainneacha agus le gluaiseachtaí neamhúdaraithe idir na Ballstáit, agus trí mhí-úsáidí a chomhrac agus a chosc, i measc rudaí eile. Ní hiad na smuigléirí ná na gníomhaithe seachtracha naimhdeacha a chinneann cé a thiocfaidh isteach san Eoraip, ach na Ballstáit, agus ní mór don Aontas leas a bhaint as na huirlisí uile atá ar fáil dó chun tacú leis na Ballstáit maidir leis an bpríomhfhreagracht atá orthu na teorainneacha seachtracha a chosaint agus an tslándáil a áirithiú. Chuige sin, tá sé ríthábhachtach tuilleadh feabhais a chur ar cheann de na córais bainistithe teorainneacha is nua-aimseartha agus is éifeachtaí ar domhan, agus bainistíocht a dhéanamh orthu, ag na teorainneacha seachtracha. Ba cheart dul chun cinn a dhéanamh maidir le híoschaighdeáin chomhchoiteanna a fhorbairt i ndáil le faireachas ar theorainneacha.

6. Cothaíonn an idir-inoibritheacht malartú frithpháirteach faisnéise agus rannchuidíonn sí go mór le sceimhlitheoireacht agus coireacht thromchúiseach a chosc, a bhrath, a imscrúdú agus a ionchúiseamh. Tá an tAontas Eorpach tiomanta i gcónaí maidir le bainistíocht a dhéanamh ar na córais bainistithe teorainneacha seachtracha, chomh maith leis na córais dhíláraithe le haghaidh malartú faisnéise i réimse fhorfheidhmiú an dlí, agus na córais sin a fheabhsú a thuilleadh, rud a éireoidh níos láidre fós le teacht i bhfeidhm de réir a chéile na gcomhpháirteanna éagsúla d'ailtireacht TF a bheidh go hiomlán idir-inoibritheach, i gcomhréir le cearta bunúsacha agus go háirithe cosaint sonraí pearsanta.

PUBLIC

7. Ag an am céanna, cuirfidh úsáid níos straitéisí bheartas víosaí an Aontais le hathléimneacht Limistéar Schengen, go háirithe d’fhonn mí-úsáid chóras víosaí an Aontais a chosc, chomh maith le húsáid leordhóthanach a bhaint as giaráil an Aontais i ndáil le tríú tíortha. Chuige sin, ba cheart Straitéis nua de chuid an Aontais um Beartas Víosaí a fhorbairt agus iarrtar ar an gCoimisiún obair a dhéanamh ar fhorbairt na Straitéise sin i ndlúthchomhar leis na Ballstáit.

8. Ní mór don Aontas Eorpach a bheith tiomanta i gcónaí samhail ghnó na ngáinneálaithe agus na líonraí smuigleála a bhriseadh, agus na dúshláin a bhaineann leo agus na bunchúiseanna atá leis an imirce neamhrialta a ghleic, ionas nach rachaidh daoine ar thurais chontúirteacha. Chuige sin, leanfaidh an tAontas Eorpach de bheith ar an airdeall maidir le gach bealach imirce isteach san Aontas Eorpach agus amach as, agus beidh cur chuige coisctheach aige ina leith sin. Leanfaidh sé de chomhpháirtíochtaí cuimsitheacha uaillmhianacha marthanacha a fhorbairt le tíortha tionscnaimh agus idirthurais ar bhealach a rachaidh chun tairbhe don dá thaobh, lena n-áirítear comhpháirtíochtaí teorann agus slándála lenár gcomharsana agus le tíortha ar fud an domhain, lena gcuimsítear comhrac na smuigleála imirceach, chomh maith le bealaí dlíthiúla i gcomhréir le hinniúlachtaí náisiúnta agus le riachtanais fhrithpháirteacha tríú tíortha agus na mBallstát. Iarrtar ar an gCoimisiún dul i gcomhairle leis an gComhairle agus leis na Ballstáit maidir le smaointe éagsúla chun na comhpháirtíochtaí sin a bharrfheabhsú, a fhorbairt agus a chur chun feidhme go straitéiseach.

9. Ag an am céanna, déanfar machnamh ar bhealaí nua chun an imirce neamhrialta a chosc agus a chomhrac, i gcomhréir leis an dlí idirnáisiúnta, agus réitigh inbhuanaithe á n-áirithiú ag an am céanna agus gan bealaí imirce nua ná brú breise a ghiniúint. Agus leas á bhaint as an gcur chuige bealachbhunaithe, ní mór iarrachtaí comhchoiteanna leis an Eagraíocht Idirnáisiúnta um Imirce (IOM), UNHCR agus geallsealbhóirí ábhartha eile a cheapadh agus a chur chun feidhme chun freagairtí ar ghluaiseachtaí measctha a threisiú, agus chun a áirithiú go mbeidh córais éifeachtacha náisiúnta tearmainn agus imirce i bhfeidhm laistigh de chur chuige an bhealaigh iomláin. Moltar don Choimisiún dul i dteagmháil go gníomhach leis na Ballstáit maidir leis na hábhair sin, d’fhonn a gcur chun feidhme a éascú agus tionscnaimh a mholadh, más ábhartha.

PUBLIC

10. Agus cineálacha nua bagairtí mar shampla ionstraimiú na n-imirceach os ár gcomhair, agus gníomhaithe naimhdeacha ag teorainneacha seachtracha an Aontais, ní mór do na Ballstáit a bheith in ann cur i gcoinne na ngníomhaíochtaí sin go héifeachtach agus cobhsaíocht agus slándáil an Aontais a ráthú. Dá bhrí sin, tiocfaidh an tAontas ar réitigh chomhpháirteacha maidir le creat dlíthiúil an Aontais a neartú chun aghaidh a thabhairt ar na bagairtí agus na dúshláin slándála sin a mbíonn tionchar acu ar bhainistiú tearmainn agus teorainneacha. Tá rún daingean ag an Aontas Eorpach na hionsaithe hibrideacha, atá á ndéanamh ag Cónaidhm na Rúise agus ag an mBealarúis ag teorainneacha an Aontais, a chomhrac. Ní féidir ligean dóibh sin ná d'aon tríú tír naimhdeach eile mí-úsáid a bhaint as ár luachanna, lena n-áirítear an ceart chun tearmainn, agus ní féidir ligean dóibh an bonn a bhaint dár ndaonlathais.

PUBLIC

11. I bhfianaise an chreata reachtaigh nua maidir le tearmann, imirce agus Schengen, leagfar béim ag tús timthriall reachtach 2024-2029 ar chur chun feidhme éifeachtach na reachtaíochta glactha — go háirithe maidir leis an gComhchóras Eorpach Tearmainn athchóirithe agus acquis Schengen athbhreithnithe — chomh maith le cur i bhfeidhm na reachtaíochta atá ann cheana. Ag an am céanna, ní mór don Aontas Eorpach agus do na Ballstáit a áirithiú go ndéanfar filleadh éifeachtach ina gcás siúd nach bhfuil ceart fanachta acu. Chun sin a dhéanamh, forbrófar agus cuirfear chun feidhm cur chuige níos teanntásaí agus níos cuimsithí maidir le filleadh, trí uasghrádú a dhéanamh mar ábhar práinne ar ár gcreat dlíthiúil agus ar ár n-acmhainneachtaí, agus lena chois sin úsáidfear na huirlisí inmheánacha agus seachtracha atá ar fáil dúinn. Is colún bunúsach de chóras cuimsitheach inchreidte maidir le tearmann agus imirce an Aontais an beartas rathúil um fhilleadh.

12. Ní mór gach beart nua chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin imirce a fhorbairt agus a chur chun feidhme i gcomhréir iomlán le dlí an Aontais is infheidhme agus leis an gCairt um Chearta Bunúsacha, lena n-áirítear prionsabal an *non-refoulement*, chomh maith le hoibleagáidí dlíthiúla idirnáisiúnta, agus ní mór dóibh urraim a thabhairt do na freagrachtaí atá ar na Ballstáit maidir leis an ord poiblí a chaomhnú agus an tslándáil inmheánach a choimirciú i gcomhréir leis na Conarthaí.

13. Is den ríthábhacht córas imirce dea-bhainistithe a bheith ann chun imirce neamhrialta a chosc go héifeachtach. Chuige sin, agus inniúlachtaí náisiúnta á n-urramú go hiomlán, ba cheart leanúint leis an obair chun conairí sábháilte dlíthiúla, atá ríthábhachtach don imirce rialta agus ordúil, a chruthú.

14. Tá an tAontas Eorpach tiomanta i gcónaí do thacaíocht a thabhairt do dhaoine atá ar a dteitheadh ó chogadh foghach na Rúise ar an Úcráin agus tá sé faoi réir chun an deimhneacht dhlíthiúil is gá a áirithiú chun leanúint den staid a bhainistiú chomh fada agus is gá. I ndáil leis an méid sin, de mheon na dlúthpháirtíochta, cuirfidh an tAontas san áireamh riachtanais chosanta, an staid agus acmhainneachtaí na mBallstát uile.

15. Leis an gcoireacht thromchúiseach eagraithe, lena n-áirítear an gháinneáil aindleathach ar dhrugaí, baintear an bonn d'fheidhmiú an limistéir saoirse, slándála agus ceartais. Is bagairt é ar shábháilteacht na saoránach agus creimeann sé an smacht reachta. Ba cheart dearcthaí a athrú trí bhíthin tionscnaimh bheartais, inar cheart comhrac na coireachta eagraithe a bheith á dtreorú ag leas dlisteanach na n-íospartach agus na sochaí i gcosaint na coireachta. Chun dul i ngleic go héifeachtach leis an gcoireacht thromchúiseach eagraithe, tá sé tábhachtach acmhainní a bhaint de ghrúpaí coiriúla, cur isteach ar shreafaí airgeadais aindleathacha, agus dul i ngleic le gníomhaíocht choiriúil i bpríosúin. Ba cheart dúinn an tsochaí a dhéanamh níos athléimní in aghaidh na coireachta eagraithe trí chomhpháirtíochtaí príobháideacha poiblí a chur chun cinn, mar shampla Comhghuaillíocht na gCalafort Eorpach, chun moil lóistíochta a dhéanamh níos athléimní. Ina theannta sin, ba cheart dúinn cur chuige riaracháin a chur chun cinn, go háirithe chun insíothlú sa gheilleagar dleathach a chosc agus stop a chur le heagraíochtaí coiriúla de bheith ag earcú mionaoiseach agus daoine atá i staideanna leochaileacha. Dá gcuirfí ar chumas lucht forfheidhmithe dlí úsáid éifeachtach a bhaint as IS i gcomhréir le cearta bunúsacha, lena n-áirítear chun anailís a dhéanamh ar mhéideanna móra sonraí, d'fhéadfadh sé dul chun tairbhe do chosc agus comhrac na coireachta, agus ba cheart breathnú air sin a thuilleadh. Ina theannta sin, tá sé ríthábhachtach go leanfaidh an tArdán Eorpach Ildisciplíneach i gCoinne Bagairtí Coiriúla de bheith ina bhunchloch i dtaca le gníomhaíocht oibríochtúil an Aontais chun an choireacht eagraithe a chomhrac agus go bhfaighidh an t-ardán sin acmhainní. Ba cheart straitéisí agus uirlisí coiscthe coireachta, mar shampla an Líonra Eorpach um Chosc na Coireachta agus an Líonra Eorpach maidir leis an gCur Chuige Riaracháin a bheith ina gcuid lárnach d'iarrachtaí an Aontais i gcomhrac na coireachta.

PUBLIC

16. Ba cheart aird ar leith a thabhairt ar chomhrac an éillithe agus ar chur chun cinn an ionracais mar chuid de chur chuige foriomlán an Aontais, lena gcuimsítear raon gníomhaíochtaí ó chosc agus anailís go cur faoi chois an éillithe, dírithe ar thrédhearcacht agus sláine institiúidí an Aontais agus na mBallstát a neartú, san earnáil phoiblí agus san earnáil phríobháideach araon.

17. Leanfaidh Europol agus Eurojust de ról lárnach a bheith acu i gcomhrac na coireachta eagraithe trasteorann trí chuidiú lena áirithiú go dtacófar le hoibriú na n-údarás breithiúnach agus forfheidhmithe dlí ábhartha uile. Le hiarmhairtí eagraíochtaí coiriúla agus gníomhaíochtaí coiriúla a mbíonn tionchar acu i bhfad ón Aontas, tá sé ríthábhachtach tuilleadh feabhais a chur ar fhorfheidhmiú an dlí agus ar an gcomhar breithiúnach le tríú tíortha ar leibhéal an Aontais agus ar leibhéal na mBallstát.

18. Chun maolú a dhéanamh ar na himpleachtaí a d'fhéadfadh a bheith ag cogadh foghach atá á dhéanamh ag an Rúis gan chúis gan údar ar an Úcráin, fuarthas amach go bhfuil sé úsáideach idirphlé struchtúrtha a dhéanamh maidir leis an tslándáil inmheánach idir an tAontas agus an Úcráin, agus ba cheart leanúint de na gníomhaíochtaí atá i bhfeidhm.

19. Agus shlándáil inmheánach an Aontais á cosaint, tá ról lárnach ag comhrac na coireachta ar líne agus as líne, agus rinne an Chúirt Bhreithiúnais roinnt breithiúnas a bhaineann leis sin. I ndáil leis an méid sin, agus chun bonn a thabhairt don treo polaitiúil agus praiticiúil amach anseo don fhís Eorpach maidir le rochtain éifeachtach ar shonraí chun críocha fhorfheidhmiú an dlí, ba cheart úsáid a bhaint as an toradh ar obair an Ghrúpa Ardleibhéil maidir le rochtain ar shonraí d'fhorfheidhmiú éifeachtach an dlí agus as moltaí an ghrúpa sin. Chuige sin, iarrtar ar an gCoimisiún treochlár a fhorbairt chun na moltaí a chur chun feidhme.

PUBLIC

20. Glacfaidh an tAontas Eorpach cur chuige níos daingne chun an sceimhlitheoireacht, an radacú, an bhréagaisnéis, an t-antoisceachas foréigneach agus claontaí frithdhaonlathacha ar líne agus as líne a chosc agus a chomhrac, agus seasfaidh sé lena luachanna coiteanna agus le modh maireachtála na hEorpa. Leanfaimid orainn sa troid i gcoinne mhaoiniú na sceimhlitheoireachta de gach cineál, agus féachfaimid le srian a chur le rochtain ar acmhainní airgeadais, agus le malartú faisnéise a threisiú. Chun tacú lenár gcur chuige daingean, is tráthúil Clár Oibre nua Frithsceimhlitheoireachta a fhorbairt ina gcuimseofar raon cuimsitheach beartas agus gníomhaíochtaí atá ceaptha chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin nua agus leanúnacha, agus chun slándáil agus athléimneacht chomhchoiteann an Aontais a neartú. Ba cheart aird ar leith a thabhairt ar íospartaigh na sceimhlitheoireachta. Ina theannta sin, spreagfaidh an tAontas Eorpach comhar idir na Ballstáit agus comhar idirnáisiúnta sa réimse sin freisin. Beidh sé ríthábhachtach dul i ngleic le bagairtí hibrideacha ó ghníomhaithe seachtracha, ionramháil agus cur isteach eachtrach ar fhaisnéis, agus comhrac na bréagaisnéise, na mífhaisnéise agus gach cineál fuatha a chur chun cinn.

21. Tacóidh an tAontas Eorpach leis na Ballstáit sna hiarrachtaí a dhéanann siad an ciníochas agus an frithsheimíteachas a chomhrac agus saol na nGiúdach a chothú.

22. Le blianta beaga anuas, tá méadú ag teacht ar líon na ndúshlán atá roimh an Aontas Eorpach, dúshláin a eascraíonn as géarchéimeanna trasearnála agus trasteorann, lena n-áirítear tubaistí nádúrtha agus tubaistí de dhéantús an duine ar mórscála, chomh maith le coinbhleachtaí atá ag teacht chun cinn gar dá theorainneacha seachtracha. De dheasca na hathraithe aeráide agus na n-athruithe ar an tírdhreach slándála san Eoraip agus ar fud an domhain tá méadú leanúnach ar na dúshláin sin. Dá bhrí sin, ba cheart tionscnaimh a dhéanamh i réimse an Cheartais agus Gnóthaí Baile chun rannchuidiú le hullmhacht agus freagairt ar ghéarchéimeanna a neartú ar leibhéal an Aontais maidir leis an gcur chuige uile-ghuaise uile-shochaí, agus lánurraim á tabhairt d’inniúlachtaí na mBallstát, i gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta. Ba cheart do na tionscnaimh sin teacht le chéile chun an chosaint shibhialta a neartú a thuilleadh chun cosaint ár saoránach a mhéadú ar thubaistí de dhéantús an duine agus tubaistí nádúrtha. Chun leibhéal níos airde athléimneachta a bhaint amach, ní mór comhar níos dlúithe a dhéanamh agus dea-chleachtas agus acmhainní – ón Aontas agus ó na Ballstáit araon – a mhalartú.

23. Tá freagracht choiteann ar institiúidí an Aontais agus ar na Ballstáit an smacht reachta a chur chun cinn agus a chosaint faoi chuimsiú dhlí an Aontais, rud atá bunriachtanach agus réamhriachtanach chun dul i ngleic leis na dúshláin atá os comhair an Aontais, lena n-áirítear sa limistéar saoirse, slándála agus ceartais. Dá bhrí sin, táimid tiomanta don iarracht chomhpháirteach seasamh leis an smacht reachta laistigh den Aontas trí úsáid a bhaint as na huirlisí uile atá ar fáil i gcomhréir leis na Conarthaí.

24. Sa bhreis ar an idirphlé rialta a dhéanann an Chomhairle maidir leis an smacht reachta sa Chomhairle Gnóthaí Ginearálta, agus gan dochar dá ról cothrománach agus dá freagrachtaí cothrománacha, leanfaidh na hairí dlí agus cirt de phlé téamach sonrach a reáchtáil maidir le saincheisteanna a bhaineann leis an smacht reachta a thagann faoi shainchúram a gcuid saineolais agus ar a leagtar béim sa tuarascáil bhliantúil ón gCoimisiún maidir leis an smacht reachta. Leis an bplé sin, comhlánaítear idirphlé bliantúil na Comhairle maidir leis an smacht reachta agus cuideofar le dea-chleachtais a chomhroinnt, agus le saincheisteanna a shainaithint ar ar cheart aird a thabhairt agus gníomhaíochtaí a éileamh ina leith, de réir mar is iomchuí agus i gcomhréir leis na Conarthaí, d'fhonn a áirithiú, *inter alia*, gur ann do rochtain ar cheartas os comhair cúirteanna neamhspleácha, deimhneacht dhlíthiúil agus cur chuige duinelárnach i gcórais cheartais. Neartóidh sé sin, dá réir sin, an mhuinín fhrithpháirteach atá mar bhonn don fhorbairt beartas i réimse an cheartais agus na ngnóthaí baile agus a bhíonn ag brath ar phrionsabal an aitheantais fhrithpháirtigh.

25. Chomh maith le hurraim don smacht reachta a áirithiú, tá sé ríthábhachtach urraim don Chairt um Chearta Bunúsacha a chaomhnú agus a áirithiú i ngach sraith ábhartha oibre. Dá bhrí sin, ba cheart, le beartais cheartais, bearta a fhorbairt agus a chur chun feidhme chun na cearta bunúsacha a chosaint, lena n-áirítear an ceart chun comhionannais agus chun neamh-idirdhealaithe, agus saineolas agus obair ábhartha na Gníomhaireachta um Chearta Bunúsacha á gcur san áireamh.

PUBLIC

26. Is príomhchuspóir sa limistéar saoirse, slándála agus ceartais é an comhar breithiúnach ar fud an Aontais. Tá feidhmiú rianúil sa limistéar ceartais fíor-riachtanach agus tá aitheantas frithpháirteach breithiúnas agus cinntí breithiúnacha ar fud an Aontais, bunaithe ar iontaoibh fhrithpháirteach as córais náisiúnta, fós ina bhunchloch i réimse an chomhair bhreithiúnaigh, rud a fhónann ar deireadh do chosaint ceart bunúsach. Ag an am céanna, is príomhphrionsabal é urraim do chórais dlí agus do thraidisiúin éagsúla na mBallstát a bhfuil feidhm aige maidir leis an reachtaíocht uile sa limistéar ceartais.

27. Chun tacú leis na hiarrachtaí sin, agus lánurraim á tabhairt d'inniúlacht na mBallstát maidir le heagrú a gcóras ceartais, ba cheart do Straitéis r-Cheartais 2024-2028 an claochlú digiteach leanúnach sa limistéar ceartais ar fud an Aontais Eorpaigh a threorú. Ag an am céanna, ní mór machnamh coiteann a dhéanamh ar úsáid na hintleachta saorga sa cheartas, agus an Gníomh um an Intleacht Shaorga á chur san áireamh.

28. Leis an digiteáil, tá an ceartas agus an comhar breithiúnach á gclaochlú tríd an teicneolaíocht a chomhtháthú sa chóras dlí. Ba cheart go bhféachfadh an éabhlóid dhigiteach leanúnach le rochtain ar cheartas a fheabhsú, éifeachtacht agus éifeachtúlacht an chórais cheartais a mhéadú, tacú le gairmithe ceartais ina gcuid oibre, agus nascadh ar bhealach níos dlúithe le saoránaigh, rudaí lena soláthrófaí seirbhísí ceartais feabhsaithe do chách sa deireadh. I ndáil leis an méid sin, tá acmhainneacht ollmhór ag baint le húsáid na hintleachta saorga i gcórais cheartais chun leanúint de rochtain ar cheartas a éascú agus a fheabhsú do chách ar fud an Aontais. Ní mór uirlisí intleachta saorga a úsáid go cúramach, áfach, i gcomhréir le cur chuige atá bunaithe ar chearta bunúsacha agus ar riosca, agus a áirithiú nach gcuirtear ró-ualach ar úsáideoirí. Ní mór a áirithiú go ndéanfar an intleacht shaorga a fhorbairt agus a úsáid ar bhealach atá cuimsitheach, inbhuanaithe, lena n-urramaítear an príobháideachas agus atá dírithe ar an duine. Is féidir leis an intleacht shaorga tacú le cinnteoireacht na mbreithiúna, ach níor cheart di teacht ina hionad: ní mór don chinnteoireacht deiridh leanúint de bheith ina gníomhaíocht faoi stiúir an duine.

29. I ndáil leis an méid sin, tá cosaint sonraí ríthábhachtach chun cearta daoine aonair a áirithiú, lena n-áirítear trí thacú le húdaráis mhaoirseachta ar leibhéal an Aontais agus ar an leibhéal náisiúnta.

PUBLIC

30. Tá sé ríthábhachtach go ndéanfaidh institiúidí an Aontais machnamh comhpháirteach struchtúrtha cuimsitheach ar gach gné de dhlí coiriúil agus sibhialta an Aontais, lena n-áirítear maidir le comhsheasmhacht inmheánach sna réimsí sin a threisiú, agus maidir lena gcomhsheasmhacht le hionstraimí a bhfuil dlúthbhaint acu leo. Ba cheart iarrachtaí a dhíriú go príomha ar chur chun feidhme iomlán an *acquis* atá ann cheana agus ba cheart tionscnaimh nua a bheith bunaithe ar fhianaise lena léirítear go soiléir a mbreisluach.

31. A bhuí leis an dlúthchomhar seanbhunaithe i limistéar an dlí shibhialta lena ngabhann tacar cuimsitheach ionstraimí dlí, is comhlimistéar dlíthiúil uathúil é an tAontas Eorpach. Is é limistéar dlíthiúil dea-fheidhmiúil, lena n-áirítear creat dlíthiúil láidir agus éifeachtach agus imeachtaí cothroma agus iontaofa, príomhshócmhainn an Aontais maidir le cearta daoine aonair a chosaint agus iomaíochas a áirithiú. Ní mór iarrachtaí leanúnacha a dhéanamh chun rochtain ar an gceartas a éascú, agus aird ar leith á tabhairt ar na daoine is leochailí.

32. Chun fás eacnamaíoch agus rathúnas a áirithiú, tá sé ríthábhachtach iomaíochas eacnamaíoch a chothú, Aontas na Margaí Caipitil a neartú agus rannchuidiú le timpeallacht atá fabhrach do ghnólachtaí a fhorbairt chun go bhfeidhmeoidh cuideachtaí san Aontas. Tá comhar breithiúnach in ábhair shibhialta ina phríomhspreagadh ina leith sin. Chuige sin, is gá, *inter alia*, feabhas a chur ar dheimhneacht dhlíthiúil agus ar thimpeallacht dhlíthiúil intuartha agus rochtain níos fearr ar fhaisnéis a chur ar fáil. Ba cheart tosaíocht a thabhairt freisin do reachtaíocht an Aontais atá ann cheana a chur chun feidhme agus a fhorfheidhmiú i gceart agus go héifeachtach, agus do mheastóireacht chríochnúil ar a cur i bhfeidhm agus ar a feidhmiú, agus breithnithe iomaíochais á gcur san áireamh freisin. Ní mór aon tionscnaimh reachtacha nua a bheith bunaithe ar fhianaise ar bhreisluach soiléir agus ar riachtanais phraiticiúla na saoránach agus na ngnólachtaí, lena n-áirítear tríd an ualach riaracháin ar ghnólachtaí a laghdú agus tríd an gcreat dlíthiúil ábhartha a shimpliú.

PUBLIC

33. I limistéar dhlí coiriúil an Aontais, ba cheart tús áite a thabhairt i gcónaí don fhreagairt bhreithiúnach ar an gcoireacht eagraithe fhíorthromchúiseach, lena n-áirítear comhrac an éillithe. Ba cheart leanúint chomh maith d'aird ar leith a thabhairt ar an bhfuathchoireacht agus ar an bhfuathchaint a chomhrac, ar thacaíocht a thabhairt d'íospartaigh choireachta agus iad a chosaint, agus ar obair maidir le coinneáil sonraí a chur chun cinn. Ba cheart béim ar leith a leagan ar éifeachtacht ionstraimí aitheantais fhrithpháirtigh a fheabhsú — lena n-áirítear an tOrdú Imscrúdaithe Eorpach agus iad siúd a bhaineann le horduithe reo agus coigistíochta. Chun na cuspóirí sin a bhaint amach, ba cheart do na tionscnaimh a bheidh ann amach anseo, i gcás inarb ábhartha agus inar gá, leas a bhaint as torthaí an mhachnaimh struchtúrtha agus chuimsithigh, as obair an Ghrúpa Ardleibhéil maidir le rochtain ar shonraí, as na babhtaí de mheasúnuithe frithpháirteacha agus measúnuithe tionchair. Leanfaidh an Chomhairle, i gcomhar le hinstitiúidí eile an Aontais, den mhachnamh leanúnach ar a bhfuil i ndán do dhlí coiriúil an Aontais.

PUBLIC

34. Baineann an choireacht eagraithe le slabhra an cheartais choiriúil ina iomláine. Chun líonraí coiriúla agus a samhlacha gnó a chomhrac ar fud an Aontais agus níos faide i gcéin, ní mór do na húdaráis inniúla a gcomhar a neartú freisin chun obair leantach iomchuí a áirithiú. Ós rud é go dtéann an tionchar atá ag formhór na líonraí coiriúla is bagraí níos faide i gcéin ná an tAontas Eorpach, tá comhar breithiúnach le tríú tíortha ríthábhachtach chun ionchúiseamh a éascú agus chun baill de líonraí coiriúla a thabhairt os comhair na cúirte.

35. Leanfaidh na Ballstáit agus an Coimisiún de bheith tiomanta don Ghréasán Breithiúnach Eorpach in Ábhair Shibhialta agus Tráchtála agus don Ghréasán Breithiúnach Eorpach in Ábhair Choiriúla chomh maith le líonraí ábhartha eile atá dírithe ar chomhar breithiúnach a dhoimhniú, agus déanfaidh siad tuilleadh anailíse ar conas an úsáid is fearr a bhaint as na líonraí sin.

36. I dtírdhreach polaitiúil domhanda atá ag athrú, tá an ghné sheachtrach chomhleanúnach den limistéar saoirse, slándála agus ceartais ríthábhachtach. Chuige sin, ba cheart don Aontas leanúint dá iarrachtaí an comhar breithiúnach le tríú tíortha a dhoimhniú in ábhair shibhialta agus choiriúla araon.

37. Le cogadh foghach gan chúis gan údar na Rúise ar an Úcráin, cuireadh i dtábhacht an gá atá le freagairtí éifeachtacha dlíthiúla agus oibríochtúla chun an tsaoirse ó phionós a chomhrac maidir le coir an fhogha agus coireanna tromchúiseacha eile faoin dlí idirnáisiúnta. Dá bhrí sin, leanfaidh an tAontas de bheith tiomanta tacú leis an gcomhordú agus leis an gcomhar idir na húdaráis inniúla uile ar an leibhéal idirnáisiúnta agus ar an leibhéal náisiúnta d'fhonn iad siúd atá freagrach as na coireanna idirnáisiúnta is tromchúisí a thabhairt chun cuntais go hiomlán trí imscrúduithe agus ionchúisimh rathúla a dhéanamh ar na coireanna sin.

38. Tá ról lárnach ag gníomhaireachtaí an Aontais sa limistéar Ceartais agus Gnóthaí Baile maidir leis na cuspóirí arna leagan síos sna treoirlínte straitéiseacha a bhaint amach. Chun an tacaíocht a chuireann siad ar fáil do na Ballstáit a chothú, ní mór do na gníomhaireachtaí sin a bheith lánoibríochtúil agus éifeachtach chun a gcúraimí faoi seach a chomhlíonadh, trí ghníomhaíochtaí – lena n-áirítear sa ghné sheachtrach – agus sainchumais údarás na mBallstát a chomhlánú, ach gan iad a ionadú. Ba cheart d'aon athbhreithniú a dhéanfar amach anseo ar a sainorduithe cloí go hiomlán leis an ról tacaíochta a shanntar do na gníomhaireachtaí, ailíniú leis na riachtanais shainaitheanta ar an láthair agus measúnú a dhéanamh ar indéantacht cúraimí nua a d'fhéadfadh a bheith ann. Ní mór d'Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh, mar chomhlacht neamhspleách de chuid an Aontais Eorpaigh, a bheith lánoibríochtúil agus éifeachtach freisin chun leasanna airgeadais an Aontais Eorpaigh a chosaint, i gcomhréir leis na Conarthaí. Ba cheart iarrachtaí a dhéanamh chun comhar níos dlúithe a chothú idir na gníomhaireachtaí, na comhlachtaí agus na Ballstáit agus chun a áirithiú go ndéanfar a gcuid saineolais a mheas ó luathchéimeanna an cheaptha beartais.

39. Beidh modhanna oibre institiúideacha fónta ríthábhachtach chun éifeachtúlacht an phróisis reachtaigh a áirithiú agus chun bonn taca a chur faoi na treoirlínte straitéiseacha don phleanáil reachtach agus oibríochtúil, sa limistéar saoirse, slándála agus ceartais sna blianta atá amach romhainn. Chuige sin, agus lánurraim á tabhairt do shainchumais institiúidí an Aontais:

- iarrtar ar institiúidí an Aontais aird ar leith a thabhairt ar chomhleanúnachas agus ar chomhsheasmhacht na dtionscnamh a bheidh ann amach anseo sa limistéar ceartais agus gnóthaí baile, ag gach céim den phróiseas reachtach.

- tá sé ríthábhachtach gur faoi réir comhordú méadaithe ag an gcéim ullmhúcháin a bheidh tionscnaimh reachtacha nach bhfuil baint acu le Ceartas agus Gnóthaí Baile, agus a bhfuil tionchar suntasach acu ar an tslándáil inmheánach, ina n-úsáidtear coincheapa a bhaineann go bunúsach le comhar i ndáil le limistéar ceartais agus gnóthaí baile, nó a dhéanann difear d'ionstraimí a bhaineann go bunúsach leis an méid sin;

- tá sé ríthábhachtach go mbeidh gach togra reachtach nua agus gach tionscnamh reachtach nua i limistéar an Cheartais agus Gnóthaí Baile bunaithe ar fhianaise, go mbeidh measúnuithe tionchair fóinteacha mar thaca leo, go léireofar a mbreisluach agus go gcuirfear san áireamh coimhdeacht, comhréireacht agus a dtionchair ar chórais dlí agus ar thraidisiúin éagsúla na mBallstát chomh maith le himpleachtaí airgeadais ar an leibhéal náisiúnta. Cuirfear san áireamh go sainráite an prionsabal gur ar gach Ballstát, agus air siúd amháin, a bheidh an fhreagracht as an tslándáil náisiúnta. Tá gá le tuilleadh gníomhaíochta chun a áirithiú go ndéanfar measúnú críochnúil ar an tionchar ar an tslándáil inmheánach, go háirithe ar fhorfheidhmiú an dlí agus ar údaráis bhreithiúnacha, agus ar chearta bunúsacha saoránach chomh maith le daoine leochaileacha. Beidh gá freisin le hiarrachtaí leanúnacha chun a áirithiú go mbeidh an tslándáil, agus urraim do chearta bunúsacha leabaithe go cuí i mbeartais éagsúla de chuid an Aontais, agus áiritheofar ar an gcaoi sin go gcothófar na cuspóirí sin go cuimsitheach mar dhlúthchuid de na tionscnaimh bheartais uile sa limistéar saoirse, slándála agus ceartais;

PUBLIC

- chun a áirithiú go n-urramaíonn tograí reachtacha an córas dáilte inniúlachtaí a leagtar síos sna Conarthaí agus, dá bhrí sin, go gcuirtear sainiúlachtaí an limistéir ceartais agus gnóthaí baile san áireamh go hiomlán sa phróiseas reachtach, ba cheart do na hinstitiúidí uile a áirithiú go gcuirfear na bunúis dlí iomchuí i bhfeidhm.
- beidh sé ríthábhachtach comhleanúnachas agus comhsheasmhacht na réimsí éagsúla beartais faoi Cheartas agus Gnóthaí Baile a choinneáil ar bun agus a neartú, agus cur i gcrích agus aontacht an Limistéir Saoirse, Slándála agus Ceartais á gcaomhnú ag an am céanna, chomh maith le comhleanúnachas *acquis* Schengen, i gcás inarb ábhartha, i ndlúthchomhar le tíortha atá comhlachaithe le Schengen.

*

Iarrtar ar institiúidí an Aontais agus ar na Ballstáit a áirithiú go ndéanfar an obair leantach reachtach agus oibríochtúil iomchuí ar na treoirlínte sin.

PUBLIC